An Coimisiún Pleanála

Achtófar Cuid 17 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, an 17 Meitheamh 2025.

Mar thoradh air sin, Dé Céadaoin an 18 Meitheamh 2025:

- Athróidh an Bord Pleanála a ainm go hoifigiúil go dtí an Coimisiún Pleanála.
- Ceapfar Bord Rialaithe nua chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an bhfeidhm rialachais a bheidh ag an gCoimisiún Pleanála.
- Éireoidh Cathaoirleach reatha an Bhoird Pleanála ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an gCoimisiún Pleanála.
- Éireoidh na comhaltaí reatha de Bhord an Bhoird Pleanála ina gCoimisinéirí Pleanála den Choimisiún Pleanála.

Ní dhéanfaidh na hathruithe sin aon difear don dóigh a ngabhann an pobal don chóras pleanála faoi láthair i ndáil le hachomhairc nó le hiarratais dhíreacha. Ní bheidh aon athrú ann ar na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le hachomhairc nó le hiarratais dhíreacha, agus is san fhormáid chéanna a dhéanfar iad chuig an gCoimisiún Pleanála.

Foráiltear le halt 495(3) i gCuid 17 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, go ndéanfar tagairtí don Bhord Pleanála in aon achtachán, in aon imeachtaí dlí nó in aon doiciméad a fhorléiriú mar thagairtí don Choimisiún Pleanála ó thosach feidhme an ailt sin i leith.